



Uimhir Chiorcláin 0075/2019

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Oideachais Saor in Aisce

Athbhreithniú ar Rátaí Pá in 2020 le haghaidh Rúnaithe Scoile, Airígh Scoile agus Glantóirí Scoile atá maoinithe ag Deontais agus atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta na Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Oideachais Saor in Aisce agus méaduithe gaolmhara ar mhaoiniú Deontais dóibh sin

Réamhrá

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna dom tagairt a dhéanamh don phá atá ag Rúnaithe Scoile agus Airígh Scoile atá maoinithe ag deontais agus an tAcht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail (*Leachtú FEMPI – Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020*).

Príomhdhátáí

1 Eanáir 2020 <i>Leachtú Bearta Airgeadais Éigeandála um Leas an Phobail, FEMPI</i>	*Tuarastail bhliantúla suas go €32,000 le méadú faoi 0.5%. Baineann sé sin le Rúnaithe Scoile agus Airígh Scoile atá maoinithe ag deontais agus atá fostaithe ag scoileanna a bhfuil a bpá á mhaoiniú ó DTSS, deontais Rúnaithe agus Airíoch atá á n-íoc ar scála tuarastail atá coibhéiseach le scála tuarastail seirbhíse poiblí agus freisin Glantóirí a fhostaíonn scoileanna ag úsáid maoiniú deontais DTSS. Tagraítear do Chuid A.1 agus A.2 den chiorclán seo. (Arna éascú ag méadú a tugadh i nDeontais DTSS in 2020)
1 Deireadh Fómhair 2020 <i>Leachtú Bearta Airgeadais Éigeandála um Leas an Phobail, FEMPI</i>	Tiocfaidh méadú 2% ar thuarastail bhliantúlaithe. Baineann sé sin le Rúnaithe agus Airígh Scoile atá fostaithe ag scoileanna a bhfuil a bpá maoinithe ó DTSS, deontais Rúnaithe agus Airíoch agus atá á n-íoc ar scála tuarastail atá coibhéiseach le scála tuarastail seirbhíse poiblí agus freisin Glantóirí a fhostaíonn scoileanna ag baint úsáide as maoiniú deontais DTSS. Tagraítear do Chuid A.1 agus A.2 den chiorclán seo. (Arna éascú ag méadú a tugadh i nDeontais DTSS in 2020)

Nóta:

* Tháinig deireadh le comhaontú Eadrána 2015 an 31^ú Nollaig 2019 agus ní sholáthrófar aon mhaoiniú breise.

Tá feidhm ag **CUID A** den Chiorclán seo a thagraíonn d'arduithe pá faoin Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail (*Leachtú FEMPI – Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 - 2020*) le héifeacht ón 1 Eanáir 2020 agus ón 1 Deireadh Fómhair 2020 maidir le:

- Rúnaithe agus Airígh Scoile atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta scoileanna a bhfuil a bpá á mhaoiniú ó dheontais an Chiste Tacaíochta Sheirbhísí Scoile a íocann an Roinn seo le scoileanna agus **atá** á n-íoc faoi láthair ar scála tuarastail atá coibhéiseach le scála tuarastail na seirbhíse poiblí agus maidir le
- Glantóirí atá fostaithe ag scoileanna a bhfuil a bpá á mhaoiniú ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile nó ón deontas Caipitíochta a íocann an Roinn seo le scoileanna.

I g**CUID B** den Chiorclán seo leagtar amach na rátaí athbhreithnithe de Dheontas an Chiste Tacaíochta Sheirbhísí Scoile chun a chur ar chumas scoileanna na rátaí athbhreithnithe atá leagtha amach i gCuid A a íoc le linn na bliana 2020. Leagtar amach ann freisin na rátaí de Dheontais Rúnaithe agus Airíoch.

Scaipeadh agus Ceisteanna

Cinntigh go dtabharfar aird gach comhalta den Bhord Bainistíochta agus gach comhalta foirne ábhartha sa scoil ar ábhar an Chiorcláin seo.

Tabhair faoi deara go dtagraíonn aon tagairtí do scoileanna sa Chiorclán seo do Mheánscoileanna Deonacha sa Scéim Oideachais Saor in Aisce agus dóibh siúd amháin.

Ba chóir ceisteanna maidir le cur chun feidhme an Chiorcláin seo a sheoladh chuig an gcomhlacht bainistíocht scoile ábhartha ar an gcéad dul síos.

Tara Carton
Caidreamh Foirne Seachtraí

Tom Deegan
Rannán Airgeadais na Scoileanna

10^ú Nollaig 2019

CUID A

Arduithe Pá

1. Is é is cuspóir do Chuid A den Chiorclán seo na húdaráis bhainistíochta a chur ar an eolas faoi na harduithe pá atá iníoctha ón 1 Eanáir 2020 agus ón 1 Deireadh Fómhair 2020 faoin Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail (*Leachtú FEMPI – Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020*) maidir le:
 - Rúnaithe agus Airígh Scoile atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta scoileanna a bhfuil a bpá maoinithe ó dheontais an Chiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile a íocann an Roinn seo le scoileanna agus **atá** á n-íoc faoi láthair ar scála tuarastail atá coibhéiseach le scála tuarastail na seirbhíse poiblí agus maidir le
 - Glantóirí atá fostaithe ag scoileanna a maoinítear a bpá ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile nó ón deontas Caipitíochta a íocann an Roinn seo le scoileanna.

Cur i bhFeidhm an Achta um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail (*Leachtú FEMPI – Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020*)

1. De réir an Achta um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail (*Leachtú FEMPI – Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020*), tá na méaduithe a leanas iníoctha:
 - Le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, méadaíonn tuarastail bhliantúla suas le €32,000 faoi 0.5%
 - Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020, méadóidh tuarastail bhliantúla faoi 2% eile.

Ba chóir go n-athbhreithneofaí pá foirne páirtaimseartha ar bhonn pro rata, de réir na ngnáthshocruithe, trí thagairt a dhéanamh do phá na foirne lánaimseartha lena mbaineann siad chun críocha pá. Tabhair faoi deara go bhfuil an ríomh pá pro rata bunaithe ar choibhéis lánaimseartha 39 uair.

CUID B

Rátaí Deontais an Chiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, Deontas Rúnaithe. Deontas Rúnaithe ó Chiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, Deontas Airíoch agus maoiniú deontais Airíoch ó Chiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile do Mheánscoileanna Deonacha sa Scéim Oideachais Saor in Aisce

(Le haghaidh íocaíochta i mí Eanáir 2020)

	Cineál Deontais	Ráta	Mionsonraí
a)	Deontas Tacaíochta Seirbhísí Scoile (DTSS)	€223.50	<p>Méadaítear deontas DTSS ó €222.00 go €223.50 in aghaidh an dalta.</p> <p>Íoctar Deontas DTSS i dtrí thráthchuid i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.</p> <p>Ríomhtar an deontas ag rollú íosta de 200 dalta agus ina dhiaidh sin de réir rollaithe.</p>
b)	Deontas Bunúsach Rúnaithe	€40.00	<p>Chun cáiliú don deontas seo, ní mór go mbeadh figiúr rollaithe de 200 dalta ar a laghad ag scoil. Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta suas go dtí uasmhéid de 350 dalta.</p> <p>Ní fhaigheann scoileanna a fhostaíonn rúnaithe faoi 'scéim 1978' aon deontais rúnaithe</p>
c)	Deontas Rúnaithe DTSS	€26.50	<p>Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta suas go dtí uasmhéid de 350 dalta.</p> <p>Ní fhaigheann scoileanna a fhostaíonn rúnaithe faoi 'scéim 1978' aon deontais rúnaithe.</p>
d)	Deontas Bunúsach Airíoch	€34.00	<p>Chun cáiliú do dheontas bunúsach airíoch, ní mór go mbeadh figiúr rollaithe de 200 dalta ar a laghad ag scoil. Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta suas go dtí uasmhéid de 350 dalta.</p>
e)	Deontas Airíoch DTSS	€20.50	<p>Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta suas go dtí uasmhéid de 350 dalta.</p>